

Dearbhú Cáilíochta/Feabhas Cáilíochta/  
Clár d'Aonaid Acadúla  
2003-2004



Tuarascáil an Phiarghrúpa Athbhreithnithe  
do  
Fiontar

**An Dr. Donncha Ó Maidín**, An Roinn Eolaíochta Ríomhaireachta & Córas Faisnéise, Ollscoil Luimnigh (Cathaoirleach)

**An tOll. Maureen Murphy**, An Roinn Curaclaim & Teagaisc, Ollscoil Hofstra, Long Island, Nua Eabhrac, Stáit Aontaithe Mheiriceá

**An tOll. Brendan Whelan**, An Stiúrthóir, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath

**An tOll. Martin Clynes**, Scoil na Biteicneolaíochta, DCU

**Sheelagh Wickham, Uasal**, An Scoil Altranais, DCU (Rapóirtéir)

## **CLÁR ÁBHAIR**

## **LEATHANACH**

Réamhrá	3
Próifíl na Scoile	4
An Próiseas Féinmheasúnaithe	7
Próiseas an Phiarghrúpa Athbhreithnithe	8
Torthaí an Ghrúpa Athbhreithnithe	12
Moltaí d’Fheabhsúchán	15

## 1. RÉAMHRÁ

Rinneadh an t-athbhreithniú Cáilíochta seo de réir creatsamhla a forbraíodh agus a comhaontaíodh trí Bhord Dhearbhu Cáilíochta na nOllscoileanna Éireannacha (IUQB) agus a chomhlíonann forálacha Alt 35 d'Acht na nOllscoileanna (1997). Tá an tsamhail comhdhéanta de roinnt céimeanna bunúsacha.

1. Comhlánaíonn foireann inmheánach sa Scoil atá faoi athbhreithniú tuarascáil mhionsonraithe féinmheasúnaithe (SAR). Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil an doiciméad seo faoi rún don Scoil agus don Phainéal Athbhreithnithe agus d'oifigigh shinsearacha na hOllscoile.
2. Cuirtear an tuarascáil sin chuig foireann de phiarmheasúndóirí, an Piarghrúpa Athbhreithnithe (PRG) – atá comhdhéanta de chomhaltaí ó lasmuigh de DCU agus ó réimsí eile de DCU, a thugann cuairt ansin ar an Scoil agus a stiúran comhráite le raon den fhoireann, de mhic léinn agus de gheallsealbhóirí eile.
3. Ansin scríobhann an PRG a thuarascáil féin.
4. Cuireann an Scoil freagra ar fáil, i gcomhar le Déan na Dáimhe, mar fhreagra ar shaincheisteanna agus torthaí éagsúla Thuarascálacha SAR agus PRG.
5. Breithnítear Tuarascáil an PRG agus freagra na Scoile ansin ag cruinniú le Bainistíocht Shinsearach iomchuí na hOllscoile (Leas-Uachtarán, Cláraitheoir, Leas-Uachtarán Taighde etc.) a dhíríonn ar mholtaí a bhíonn lasmuigh de rialú na Scoile i dTuarascáil an Phiarghrúpa Athbhreithnithe nó a éilíonn acmhainní breise. Ag teacht as an gcruinniú seo, faomhaítear pleananna gníomhaíochtaí Scoil-bhunaithe agus Ollscoil-bhunaithe. Le chéile, tugtar an Plean Feabhais Cáilíochta (QIP) orthu.
6. Cuirtear achoimre den Athbhreithniú Cáilíochta chuig Údarás Rialaithe na hOllscoile, a fhéadfaidh foilsíú an Athbhreithnithe a cheadú ar shlí is cuí leis. Tar éis don Údarás Rialaithe an achoimre den tuarascáil a fhaomhadh, foilsítear ar láithreán gréasáin na hOllscoile í. Foilsítear téacs iomlán Thuarascáil an Phiarghrúpa Athbhreithnithe ar láithreán gréasáin an Aonaid Chur chun Cinn Cáilíochta freisin.

## 2. PRÓIFÍL NA SCOILE

### Suíomh an Aonaid

Tá Fiontar suite faoi láthair in oifigí na Scoile Gnó i DCU. Tá na hoifigí (cé nach bhfuil siad ar fad le chéile) sa chomharsanacht chéanna. Tá dhá ríomhlann ag Fiontar; tá siad sin suite i bhFoirgneamh Henry Grattan agus tá thart ar 40 meaisín iontu. De bharr go bhfuil Fiontar anois i nDámh nua na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, tá sé beartaithe foireann Fiontar a aistriú go dtí Foirgneamh Henry Grattan áit a bhfuil an chuid is mó de dhámh na nDaonnachtaí bunaithe.

### Foireann

Tá 11 duine lánaimseartha ar fhoireann Fiontar le 8 duine páirtaimseartha. Is ag beirt chomhaltáí den fhoireann amháin atá conarthaí buana, tá na daoine eile fostaithe ar bhonn conartha. Is dealraitheach go bhfuil tréimhsí éagsúla ag dul leis na conarthaí.

### Foireann - Fad seirbhíse le Fiontar

#### Lánaimseartha:

Ó Cearbhaill, Niall (1994) - le DCU (Oscail) roimhe sin

Ní Ghréacháin, Bláthnaid (1998)

Ní Bhrádaigh, Emer (1998)

Nic Pháidín, Caoilfhionn (1999)

Mac an Bhaird, Ciarán (1999)

Walsh, John (2001)

Nic Giolla Mhichíl, Mairéad (2001)

Ní Chonghaile, Bairbre (2002)

de Brún, Sorcha (2003)

Ó Foirréidh, Cathal (2003)

Ó Flatharta, Peadar (2003)

#### Páirtaimseartha/eile:

Mag Cuill, Daire (1996)

Uí Bhraonáin, Donla (1994). Lánaimseartha go dtí 2001 agus ar bhunús  
comhairleach ó shin

Ó Maolmhuire, Colm (1999)

Ó Carra, Colm (1999)

Mac Cárthaigh, Matt (2000)

Ní Ógáin, Niamh (2003)

Ní Ghlinn, Áine (1996). Lánaimseartha go dtí 2001 agus ar bhunús páirtaimseartha ó  
shin

Uí Dhonnchadha, Elaine (1998). Lánaimseartha go dtí 2001 agus páirtaimseartha ó  
shin

## Leibhéal foirne FIONTAR

Bliain	97-98	98-99	99-00	00-01	01-02	02-03	03-04
<b>Buan</b>							
Ollamh	1	1	0	0	0	0	0
Léachtóir Sinsearach	1	1	1	1	1	1	*
Léachtóir os cionn an deighilteora tuillteanais	0	0	0	0	2	1	1
<b>Conradh 2-3 bliana</b>							
Léachtóir Sinsearach		0	0	0	0	0	1
Léachtóir os cionn an deighilteora tuillteanais		1	1	1	1	1	1
Léachtóir faoi bhun an deighilteora tuillteanais	1	2	1	4	2	2	1
Comhalta Teagaisc		0	0	0	0	0	1
Riarachán V (Oif. G.)		0	0	0	1	0	1
<b>Conradh 9-11 mí</b>							
Léachtóir os cionn an deighilteora tuillteanais	0	1	1	1	1	0	0
Léachtóir faoi bhun an deighilteora tuillteanais	5	4	4	1	2	2	2
Cúntóir Taighde	0	0	1	1	0	1	0
Cúntóir Teagaisc	0	0	1	1	1	1	0
Riarachán V-ILO	0	0	0	0	0	1	0
Riarachán IV	1	1	1	0	1	0	0
Rúnaí III	0	0	0	1	0	1	1
Foireann Tionscadail	0	2	1	0	0	0	1
AE							
<b>Iomlán</b>	<b>9</b>	<b>13</b>	<b>12</b>	<b>11</b>	<b>12</b>	<b>11</b>	<b>11</b>
<b>Lánaimseartha</b>							
<b>Páirtaimseartha</b>							
<b>300 uaire</b>							
<b>5-6 léachtóir</b>							

\*Ceann na scoile ar saoire shabóideach

## Cláir/Aschuir

Cuireann Fiontar dhá chlár teagasctha ar fáil. Tá an tríú clár á chreidiúnú.

- **BSc i bhFiontraíocht le Ríomhaireacht/Gaeilge Fheidhmeach**
- **Dioplóma do Chéimithe/MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais**
- **Teastas/Dioplóma/MA sa Chleachtas Dátheangach**

Cuirtear an BSc ar fáil ar bhunús lánaimseartha thar thréimhse ceithre bliana agus cuirtear an MSc ar fáil ar bhunús lánaimseartha (bliain amháin) agus ar bhunús páirtaimseartha (dhá bhliain). Tá an Teastas/Dioplóma/MA sa Chleachtas Dátheangach faoi réir a chreidiúnaithe i mí an Mhárta. Seolfar an clár san Aibreán agus beidh sé ar fáil i Meán Fómhair 2004. Beidh an clár ar fáil i mBaile Átha Cliath ar dtús agus níos déanaí beidh sé ar fáil ar líne.

Céimithe de réir bliana agus cúrsa		An líon Céimithe sa Bhliain					Céatadán den athrú bliain ar bhliain			
		1999	2000	2001	2002	2003	99/00	00/01	01/02	02/03
Leibhéal na Mac Léinn	Cáilíocht	L	L	L	L	L	%	%	%	%
Iarchéim Theagasctha	MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais			4	11	3			175	-73
	Dioplóma do Chéimithe – Gnó agus T.E.			1	1	2			0	100
	<b>lomlán</b>			<b>5</b>	<b>12</b>	<b>5</b>			<b>140</b>	<b>-58</b>
Fochéim Theagasctha	BSc in Airgeadais, Ríomhaireacht & Fiontraíocht	14	18	12	17	15	29	-33	42	-12
	<b>lomlán</b>	<b>14</b>	<b>18</b>	<b>12</b>	<b>17</b>	<b>15</b>	<b>29</b>	<b>-33</b>	<b>42</b>	<b>-12</b>

## Fostaíocht

Is dealraitheach go bhfuil ráta den scoth socrúcháin ag an gClár BSc agus fuair céimithe ón gClár postanna ar fud réimse éagsúil earnálacha agus d'éirigh go maith le roinnt acu i mbunú a ngnólachtaí féin.

Tá an Diplóma do Chéimithe/MSC i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais críochnaithe anois ag 22 céimí: 5 i 2001, 12 i 2002 agus 5 i 2003. Tá postanna mar iad seo a leanas glactha ag Céimithe ón gclár seo:

- Stiúrthóir Iomairt Cholmcille (tionscadal cultúrtha idir Albain, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann)
- Oifig na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Bainisteoir Margaíochta le LÁ (nuachtán náisiúnta Gaeilge)
- Iriseoir
- Léiritheoir Teilifíse
- Bainisteoir Margaíochta, Gael Linn
- Bainisteoir Tionscadal, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
- Príomhoide Bunscoile

Díríonn céimithe eile ar phostanna teagaisc, riaracháin agus teicneolaíochta.

### **3. AN PRÓISEAS FÉINMHEASÚNAITHE**

#### **An Coiste Comhordaithe**

- An Dr. Peadar Ó Flatharta
- John Walsh
- Mairéad Nic Giolla Mhíchíl
- Ciarán Mac an Bháird
- Sorcha de Brún
- Bairbre Ní Chonghaile

#### **An Mhodheolaíocht a Glacadh**

Bunaíodh coiste inmheánach in Fiontar chun déileáil leis an bpróiseas Measúnaithe Cáilíochta/Athbhreithnithe Cáilíochta. Bhí an coiste comhdhéanta de sheisear comhaltaí ionadaíochta de réimsí acadúla agus riaracháin na Scoile. De bhrí go bhfuil an líon foirne beag, chuir sé sin ar chumas na foirne a bheith rannpháirteach sa phróiseas.

## **4. PRÓISEAS AN PHIARGHRÚPA ATHBHREITHNITHE**

### **Lá Athbhreithnithe agus Pleanála**

Tionóladh 'Lá Oscailte' d'fhoireann Fiontar go léir i Meán Fómhair 2003 lena chur ar a gcumas a dtuairimí a thabhairt ar an scoil, a láidreachtaí agus a laigí, ar na deiseanna agus na bagairtí agus chun an tsamhail is fearr a chur i láthair do FIONTAR sa todhchaí. Taifeadadh na tuairimí go léir agus cuireadh ar fáil sa Tuarascáil Féinmheasúnaithe iad.

### **Cruinnithe Foirne**

Tionóladh sraith cruinnithe foirne (9 ar an iomlán) roimh an bpróiseas ó Mheán Fómhair go dtí Nollaig 2003. Rinneadh suirbhé ar dhearcaí na foirne i mí na Nollag 2003 faoi cheithre mhórtheideal:

- Tuairimí na Foirne faoi Theagasc agus Foghlaim;
- Tuairimí na Foirne faoi Thaighde;
- Tuairimí na Foirne faoi Bhainistíocht agus Riaradh na Scoile; agus
- Tuairimí na Foirne faoi Sheirbhísí agus Acmhainní.

Fuarthas faisnéis ó fhoinní eile sa Scoil agus san Ollscoil agus tiomsaíodh í le cabhair ó Oifig an Chláraitheora agus Oifig na Seirbhísí Gairmthreorach.

Mar gheall ar an líon beag foirne atá in Fiontar, ba dhealraitheach go raibh an fhoireann ar fad páirteach i bpleanáil agus i bhforbairt an Athbhreithnithe Cáilíochta. Cuireadh an doiciméad deiridh Féinmheasúnaithe faoi bhráid na foirne i mí Feabhra 2004.

### **Trácht Foriomlán ar an gCuart**

Bhí an PRG sásta leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil agus go raibh teacht ar na daoine cuí i rith na cuairte. Ba chuid suntais an leibhéal díograise agus tiomantais a bhí i measc na foirne agus na mac léinn chomh maith leis an meas soiléir a bhí ag an dá ghrúpa ar a chéile. Chuaigh an tslí ar eagraigh an Stiúrthóir Gníomhach an próiseas Measúnaithe Cáilíochta go mór i bhfeidhm ar an nGrúpa, faoi mar ab amhlaidh leis an bhfís a chabhraigh sé a fhorbairt do Fiontar san achar an-ghearr atá caite aige san Aonad.



**TRÁTHCHLÁR DON CHUAIRT ATHBHREITHNITHE AR FIONTAR (2003-2004)**

**Lá 1 (Dé Céadaoin 3 Márta 2004)**

14.00 – 15.30	Cruinniú chomhaltaí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe Seisiún Comhairleach ón Stiúrthóir Cur chun Cinn Cáilíochta. Comhaontaíonn an grúpa an sceideal oibre críochnaitheach agus sannadh tascanna don chéad dá lá eile
16.00 – 17.30	Breithniú ar an Tuarascáil Féinmheasúnaithe le Coiste Cáilíochta na Scoile
19.30	Dinnéar do chomhaltaí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe, do Cheann Gníomhach na Scoile agus do Choiste Comhardaithe Cáilíochta na Scoile

---

**Lá 2 (Déardaoin 4 Márta 2004)**

09.00 – 09.30	Cruinniú leis an Leas-Uachtarán Taighde
09.30 – 12.00	Tuilleadh breithnithe ar an Tuarascáil Féinmheasúnaithe agus ar ionchuir eile ó fhoireann eile na Scoile, de réir mar is cuí, lena n-áirítear an fhoireann riaracháin/ teicniúil/ tacaíochta, de réir mar is cuí. Tabharfar am do chruinnithe príobháideacha le comhaltaí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe agus comhaltaí den fhoireann. <ul style="list-style-type: none"><li>• Cruinnithe Aonair leis an bhFoireann</li><li>• An Grúpa ionadaíoch don Ríomhaireacht</li><li>• An Grúpa ionadaíoch don Fhiontraíocht/Airgeadas</li><li>• An Grúpa ionadaíoch don Ghaeilge Fheidhmeach/Taighde Téarmaíochta</li><li>• An Grúpa ionadaíoch don Bhainistíocht</li></ul>
12.30 – 13.00	Cuairt ar áiseanna lárnaí na Scoile
13.00 – 14.00	Plé Achomair leis an Stiúrthóir Cur chun Cinn Cáilíochta (más gá)
14.00 - 17.00	Cruinnithe le daoine ionadaíocha thar ceann: Mic Léinn/Na Céimithe is déanaí/Fostóirí, de réir mar is cuí  Cruinniú ag an bPhiarghrúpa Athbhreithnithe leo seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"><li>• Na Céimithe is déanaí</li><li>• Fostóirí</li><li>• Mic Léinn fochéime.</li><li>• Iarchéimithe Teagasctha/Taighde</li></ul>
17.30 – 18.30	Cruinniú de chuid an Phiarghrúpa Athbhreithnithe chun na gnéithe atá fós le soiléiriú a shainathint agus chun bailchríoch a chur ar na tascanna don chéad lá eile
19.30	Dinnéar oibre príobháideach do chomhaltaí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe

---

### **Lá 3 (Dé hAoine, 5 Márta 2004)**

09.00 – 09.45	Cruinniú leis an Uachtarán, Leas-Uachtarán, Rúnaí, Uachtarán Cúnta do Nuáil Foghlama (Cláraitheoir), an Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus an Stiúrthóir Airgeadais (an Stiúrthóir Cur chun Cinn Cáilíochta ag freastal)
09.45 – 10.30	Cuairt ar Leabharlann O'Reilly, cruinniú le Stiúrthóir na Seirbhísí Leabharlainne agus an leabharlannaí ábhar
10.30 – 11.00	Cuairteanna ar shaoráidí mar Léachtlanna, Ríomhlanna etc. de réir mar is cuí
11.00 – 11.30	Cruinniú le Déan na Dáimhe
11.30 - 12.00	Cruinniú le Ceann buan na Scoile (ar saoire shabóideach).
12.00 – 12.30	Cruinniú le Ceann Gníomhach na Scoile chun aon shaincheisteanna gan réiteach a shoiléiriú
12.30 – 13.30	Plé Achomair (más gá) leis an Stiúrthóir Cur chun Cinn Cáilíochta agus lón oibre (ceapairí) do chomhaltaí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe ina dhiaidh
13.30 – 16.00	Ullmhú an 1 <sup>ú</sup> Dréacht den Tuarascáil Deiridh
16.00 – 16.30	Cur i láthair scoir d'fhoireann na Scoile GO LÉIR le déanamh ag Cathaoirleach an Phiarghrúpa Athbhreithnithe nó ag comhalta eile den Phiarghrúpa Athbhreithnithe de réir mar a chomhaontófar, ag tabhairt achoimre ar phríomhthorthaí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe

---

### **Forléargas ar an gCuairt ar an Láthair**

Tríd is tríd, is clár oibre an-lán a bhí ann thar an dá lá go leith. Bhí an tráthchlár do na cruinnithe dóthanach; bhí sciorradh beag ann maidin Déardaoin agus cuireadh moill agus brú ar roinnt cruinnithe san iarnóin dá bharr ach ar an iomlán mhothaigh an PRG go raibh dóthain ama acu. Rinneadh formhór na hoibre a stiúir an PRG trí mheán na Gaeilge.

Bhí an fhoireann go léir an-díograiseach agus bhí plé oscailte i rith na gcruinnithe. Bhí toilteanas ann cúrsaí a bhaineann le Fiontar a roinnt agus a phlé. Tá an fhoireann an-bhródúil as a bhfuil bainte amach ag Fiontar agus tá fonn orthu leanúint leis an obair sin. Is léir gur thug an Stiúrthóir gníomhach an Dr. Peadar Ó Flatharta ceannaireacht chumasach sa phróiseas athbhreithnithe agus bhí a chur i láthair ar a fhís do thodhchaí Fiontar stuama, cruthaitheach.

Bhí cruinniú ag grúpa PRG leis na mic léinn tráthnóna Dé hAoine. Ba dhealraitheach go raibh na mic léinn muiníneach agus cé gur luaigh siad roinnt ceisteanna faoi

aitheantas Fiontar laistigh de DCU bhí siad ag baint taitnimh as na cúrsaí. Lucht fágála scoile a bhí sna mic léinn fochéime ar fad, seachas mac léinn aibí amháin.

Bhí na mic léinn iarchéime dearfach freisin agus thug ráiteas mhac léinn MSc amháin a dúirt gur thug an clár iarchéime an deis dó “é féin a athchruthú” achoimre ar na sochair a bhaineann mic léinn iarchéime as an gcúrsa, dealraíonn sé.

### **Modheolaíocht**

Toghadh an Dr. Donncha Ó Maidín mar chathaoirleach ar an PRG. Ghníomhaigh Sheelagh Wickham mar rapóirtéir.

Mar gheall ar an líon beag daoine atá in Fiontar bhí cruinniú ag an PRG mar bhuíon le gach duine iomchuí. Níor imíodh ón gcleachtas sin ach uair amháin agus b'in an chuairt ar shaoráidí ríomhaireachta Fiontar áit ar thug an Dr. Donncha Ó Maidín agus an tOllamh Maureen Murphy cuairt ar na Ríomhlanna fad a bhí an chuid eile den PRG ag cur tús le freagra scoir PRG.

Roinn an PRG míreanna na tuarascála go leathan eatarthu. Mar sin féin, sa mhéid gur fhan an PRG le chéile i rith na cuairte athbhreithnithe agus gur scaipeadh an tuarascáil chuig gach comhalta den PRG agus gur sholáthair siad tuairimí uirthi, is iarracht chomhdhlúite í.

Ba iad na réimsí leathana freagrachta:

- An Dr. Donncha Ó Maidín – Clár agus Teagasc
- An tOllamh Maureen Murphy – Seirbhísí Sóisialta agus Pobail
- An tOllamh Brendan Whelan – Eagrú agus Bainistíocht na Scoile
- An tOllamh Martin Clynes – Scoláireacht agus Taighde
- Sheelagh Wickham, Uasal – Foireann, Cóiríocht agus Acmhainní

### ***Ba iad foinsí na faisnéise:***

- An Tuarascáil Féinmheasúnaithe
- Cruinnithe leis an bhfoireann, mic léinn agus fostóirí;
- Tuarascáil na Scrúdaitheoirí Seachtracha; agus
- Litríocht agus foilseacháin Fiontar lena n-áirítear “Ollscolaíocht Ghaeilge: Dúshlán agus Léargais” agus Foclóir Fiontar

Bhí Tuarascáil Féinmheasúnaithe Fiontar cuimsitheach agus dearbhaíodh bailíocht an ábhair ann sna comhráite a thionóil an PRG leis an bhfoireann, mic léinn agus daoine eile. Cuireadh nithe breise, m.sh. tuarascálacha na scrúdaitheoirí seachtracha, ar fáil go pras nuair a iarradh iad. Bhí na hagusáiní fairsing agus bhí dóthain mionsonraí iontu.

D'aithin an PRG ó thús a chuid plé an sprioc dhúshlánach a bhí Fiontar ag leagan amach dó féin. Tá sé mar aidhm aige topaicí casta a theagasc i ngnó, ríomhaireacht agus fiontraíocht ag an leibhéal acadúil cuí, i gcomhthéacs ina bhfuil ábhair theagaisc i nGaeilge gann nó nach ann dóibh beag ná mór. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an fhoireann iarrachtaí ar leithligh a dhéanamh chun na hábhair sin a chruthú iad féin agus aird a bheith go seasta acu ar shaincheisteanna ar nós aistriúchán agus téarmaíocht. Sna himthosca sin, má tá rath le bheith ar Fiontar caithfidh sé tuiscint ar leithligh agus tacaíocht a fháil ón Ollscoil.

## **Tuairim an Ghrúpa Athbhreithnithe ar an Tuarascáil Féinmheasúnaithe**

Bhí an Tuarascáil Féinmheasúnaithe an-chuimsitheach agus bhí mionsonraí maithe inti ar ghníomhaíochtaí na Scoile. Scríobhadh an Tuarascáil agus tíolacadh don PRG i nGaeilge í agus bhí aistriúchán Béarla ar fáil ach é a iarraidh. Dhearbhaigh na cruinnithe le foireann, céimithe, mic léinn agus fostóirí Fiontar bunús fírinneach an Tuarascáil Féinmheasúnaithe. Bhí dhá réimse inar iarradh mionsonraí breise ag baint le réasúnacht agus forbairt an athraithe sa B.Sc fochéime agus mionsonraí faoi na scrúdaitheoirí seachtracha agus samplaí de na tuarascálacha. Cuireadh na doiciméid scrúdaitheora sheachtraigh ar fáil don PRG sular críochnaíodh an chuairt.

Bhí dóthain mionsonraí leagtha amach i dtáblaí agus in aguisíní na Tuarascála Féinmheasúnaithe agus bhí cur i láthair soiléir ann ar stair agus staid reatha Fiontar. Rinneadh an Tuarascáil Féinmheasúnaithe a bhailíochtú ag cruinnithe le foireann agus mic léinn Fiontar.

## **5. TORTHAÍ AN GHRÚPA ATHBHREITHNITHE**

### **Cúlra agus Comhthéacs**

Chinn an PRG gur Scoil dhinimiciúil ghníomhach é Fiontar. Tá béim láidir aige ar theagasc agus ar fhorbairt an mhic léinn ionas go bhféadfaidh an céimí feidhmiú go maith sa saol oibre. Tá an Scoil ag leanúint de mhonatóireacht ghníomhach agus oiriúnú don mhargadh athraitheach agus don timpeallacht oideachais, is féidir sampla de sin a fheiceáil i bhforbairt an athraithe i struchtúr an BSc. i 2001-2 agus san fhorbairt a rinneadh le déanaí ar chlár nua.

Cé gur dealraitheach go ndearctar ar Fiontar ar leithligh laistigh den Ollscoil agus go bhfuil an dearcadh ag cuid den fhoireann agus de na mic léinn san Ollscoil “go bhfuil Fiontar difriúil”, is dealraitheach go bhfuil na mic léinn lánpháirtithe go maith agus go mbíonn ionadaíocht ag an Scoil ar Choistí na hOllscoile m.sh. RAP. Tá roinnt nasc neamhfhoirmiúil idirdhisciplíneach freisin idir Fiontar agus na haonaid eile laistigh de DCU. Thug an Leas-Uachtarán Taighde chun suntais é sin agus chuir béim ar an ngá atá le Fiontar feabhas a chur ar “líonrú” laistigh den Ollscoil, cé gur léir é sin a bheith níos deacra do scoil a bhfuil cion chomh hard d’fhoireann shealadach inti. Léirigh Uachtarán agus bainistíocht shinsearach DCU tiomantas láidir i leith Fiontar a fhorbairt sa todhchaí agus tacaíocht a thabhairt dó. Rinne an tUachtarán achoimre ar an aitheantas a thugtar do Fiontar nuair a dúirt sé “Seasann Fiontar d’aetas DCU”.

#### **Láidreachtaí:**

- Tá féith láidir féiniúlachta ag Fiontar.

#### **Laigí:**

- Easpa aetas soiléir “Gaeilge” in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

### **Eagrú agus Bainistíocht na Scoile**

Is deacair Scoil idirdhisciplíneach a shuíomh laistigh de Dhámh. Cuireadh isteach Fiontar (a bhí neamhspleách mar Scoil gan aon Déan ná aon tacaíocht eile) le déanaí le Dámh na nDaonnachtaí. Ní mór cúram a ghlacadh lena chinntiú nach lagaíonn Fiontar a chur leis na Daonnachtaí forbairt na nasc le Ríomhaireacht agus Gnó agus go háirithe an croífhócas ar fhorbairt fiontar laistigh den bhunchéim. Ba

chóir go mbeadh neart deise/spreagtha ann don fhoireann chun saothar a fhoilsiú in aschuir acadúla ag a bhfuil seasamh ina mbundisciplíní.

Is ceist a tháinig chun cinn go minic i gcomhráite leis an bhfoireann an líon beag d'fhoireann bhuan atá ann agus úsáid a bheith á baint as conarthaí gearrthéarmacha. Mhottaigh Fiontar go raibh tionchar diúltach ag an líon mór d'fhoireann chonartha gheartéarmach sa Scoil ar phleanáil agus ar fhorbairt don todhchaí ar bhonn aonair agus ar bhonn na Scoile araon. Aithníonn an PRG na fadhbanna a chothaíonn an staid seo agus mothaíonn gur chóir dul i ngleic leis.

Tá an líon foirne in Fiontar beag agus leithdháileann Ceann na Scoile an t-ualach oibre ag cur tiomantais foirne i leith taighde etc. san áireamh. Is dealraitheach nach bhfuil aon uirlis chomónta sa Dámh chun go bhféadfadh taifead soiléir agus sofheicthe de leithdháileadh an ualaigh oibre a bheith ann.

Nuair a bunaíodh Fiontar ar dtús bhí “bord comhairle” ann a bhí comhdhéanta de dhaoine inmheánacha agus de dhaoine seachtracha. Chuir an grúpa sin le smaointe forbartha don Scoil.

**Láidreachtaí:**

- Foireann thiomanta agus dhíograiseach

**Laigí:**

- Gan aon tomhas aonfhoirmeach ar an ualach oibre
- Easpa tacaíochta soiléire Dáimhe san am a caitheadh

**Cláir agus Teagasc**

Tá an líon mac léinn in Fiontar beag. Is dealraitheach gur daoine atá díreach tar éis an scoil a fhágáil formhór na mac léinn a dhéanann an bhunchéim agus is dealraitheach go bhfuil ceatadán an-bheag de mhic léinn aibí ann. Tá na cláir ina bhfuil gné phraiticiúil (INTRA), idirdisciplíneach, teanga náisiúnta agus scileanna fiontraíochta thar cionn. Ní mór comhghairdeas a dhéanamh leis an bhfoireann as an gclár nuálach agus athraitheach INTRA do mhic léinn a dhéanann clár Fiontar. Le haistriú Fiontar go dtí Dámh na nDaonnachtaí, tá sé an-tábhachtach go leanfaidh gné “ghnó” na céime ag fáil dóthain aird, mar gur dealraitheach go gcuireann sé go mór le deiseanna fostaíochta do chéimithe. Tá méid an-teoranta de theagasc “seirbhíse” idir Fiontar agus na Scoileanna eile.

Molann an PRG Fiontar as an gclár forbartha gníomhaí, cláir nua etc.

**Láidreachtaí:**

- Tarraingteacht cláir laistigh den phobal fostaíochta
- Cuireann socrúcháin nuálaíochta INTRA le saibhreas thaithí an mhic léinn

**Laigí:**

- Úsáid theoranta bainte as roinn margáíochta DCU
- Éagsúlacht theoranta ar rochtain ar chláir, go háirithe fochéim
- Easpa teagasc seirbhíse ag foireann Fiontar

## Léann agus Taighde

Tá géarghá le **straitéis taighde éifeachtach** a bhunú as a leanfaidh sruth foilseachán in irisí acadúla measúla. (Is laige i láthair na huaire gan mórán aschur den sórt sin a bheith ann). Caithfidh an straitéis taighde a bheith ceaptha go cúramach i dtimpeallacht idirdhisciplíneach. Níl sé chomh simplí le foireann taighde-ghníomhach a scaoileadh ó roinnt dualgas teagaisc nó eile. Tá samhail chuí do thaighde laistigh de Fiontar i gceist leis freisin. Go háirithe, thógamar ceann den deighilt a mheas an fhoireann a bheith idir tionscadail fheidhmeacha, ioncamghiniúna (áit a raibh Fiontar an-rathúil) agus aschur acadúil “fírinneach” nó “pearsanta”. Molaimid go ndíreofaí go mór ar shainmhíniú a dhéanamh ar thionscadal/clár mór nó ar dhá thionscadal/chlár mhóra a mhaoiníofaí ó fhoinsí seachtracha agus as a leanfadh (a) tuarascáil nó tuarascálacha dírithe ar pholasaí don chliant agus (b) sruth de pháipéir acadúla bunaithe ar na sonraí céanna laistigh de na lárdhisciplíní éagsúla. D'éileodh sé sin go leor comhordaithe, comhoibrithe agus oibre foirne ag comhaltaí d'fhoireann Fiontar. Bhainfí sochar as sin, áfach, ó thaobh phróifíl Fiontar a ardú laistigh den phobal polasaí iomchuí agus aitheantas acadúil a ghnóthú freisin. Ní mheasaimidne gur múnla oiriúnach do Fiontar samhail an “scoláire aonair in oifig”. Mar shampla, d'fhéadfadh “forbairt eacnamaíochta agus shóisialta na Gaeltachta” a bheith ar cheann de na téamaí sin a bheadh mar bhunús do chlár taighde.

Déanaimid comhghairdeas le Fiontar as comhdháil an-rathúil a thionól i mí Feabhra seo caite agus foilsíú Imeachtaí na Comhdhála agus an Fhoclóra Téarmaíochta.

### **Láidreachtaí:**

- Tá taithí agus cáil mhaith ar Fiontar maidir le maoiniú a mhealladh ó fhoinsí seachtracha.

### **Laigí:**

- Easpa foilseachán taighde in irisí acadúla measúla. Is laige i láthair na huaire an t-aschur reatha.

## Foireann, Cóiríocht agus Acmhainní

Tá 11 duine lánaimseartha ar fhoireann Fiontar agus 8 duine páirtaimseartha. Is ag beirt chomhaltaí den fhoireann amháin atá conarthaí buana, tá na daoine eile fostaithe ar bhonn conartha. Is dealraitheach go bhfuil tréimhsí éagsúla leis na conarthaí. Tugtar tacaíocht riaracháin trí Riarthóir Grád 3 atá ar conradh sealadach freisin. (Tá pleananna ann an post riaracháin Grád 4 a líonadh sa Scoil chomh luath agus is féidir).

Tá cóiríocht Fiontar faoi láthair sa Scoil Ghnó ach de bharr gur aistríodh an Scoil go dtí Dámh na nDaonnachtaí tá sé beartaithe foireann Fiontar a aistriú go dtí Foirgneamh Henry Grattan. Tá saoráidí ríomhaireachta Fiontar san fhoirgneamh sin.

### **Láidreachtaí:**

- Foireann dhíograiseach agus spreagúil

### **Laigí:**

- Coibhneas an-íseal d'fhoireann bhuan le foireann shealadach
- Ró-ualach oibre ar léachtóirí ag déanamh tascanna neamhtheagaisc i.e. ag soláthar a n-ábhair teagaisc féin
- Líon mór conarthaí gearrthéarmacha don fhoireann
- Ganntanas d'fhoireann “bhuan”

## Seirbhísí Sóisialta agus Pobail

Oibríonn an tOifigeach Gaeilge go dlúth le foireann Fiontar. Bhí Fiontar nuálaíoch i bhforbairt áiseanna teagaisc ar nós an fhoclóra téarmaíochta gnó. Tá úsáid bainte ag an Roinn Oideachais agus ag comhlachtaí eile as nuálaíochtaí den sórt sin.

Tá dhá chlár for-rochtana pobail ag Fiontar: An Ghaeltacht agus áitiúil. Tá am caite ag mic léinn Fiontar sa Ghaeltacht mar bhuíon, agus tá clár ríomhaireachta for-rochtana curtha ar fáil ag mic léinn agus foireann Fiontar do mhic léinn Gaelscoileanna i gceantar Bhaile Átha Cliath. Is féidir na tionscnaimh sin a fhorbairt tuilleadh ach léiríonn siad aitheantas ó thaobh a misin do dhá cheann dá sprioclimistéir tionchair.

Tá dea-theist cruthaithe ag Fiontar ó thaobh taighde agus obair chomhchomhairle do ghníomhaireachtaí polasaí éagsúla, go háirithe iad sin a bhaineann leis an nGaeilge.

## 6. MOLTAÍ D'FHEABHSÚCHÁN

- P1:** Moladh atá tábhachtach *agus* a éilíonn gníomh práinneach.
- P2:** Moladh atá tábhachtach, ach a bhféadfar (agus ar chóir b'fhéidir) aghaidh a thabhairt air ar amscála níos faide.
- P3:** Moladh a éilíonn breithniú grinn ach nach meastar a bheith mar chuid dhlúth de cháilíocht ghníomhaíochtaí leanúnacha sa Scoil.

- S: Scoil
- D: Dámh
- O: Coiste Feidhmeach na hOllscoile/Bainistíocht Shinsearach

### Cúlra agus Comhthéacs

- P2** Cé go bhfuil roinnt nasc idirdhisciplíneach neamhfhoirmiúil idir Fiontar agus aonaid eile in DCU, chuir an PRG béim ar an ngá atá ag Fiontar feabhas a chur ar “líonrú” laistigh den Ollscoil **(S, D, O)**
- P2** Cé gur dealraitheach go ndearctar ar Fiontar ar leithligh laistigh den Ollscoil agus go bhfuil an dearcadh san Ollscoil ‘go bhfuil Fiontar éagsúil’, is dealraitheach go bhfuil na mic léinn lánpháirteach go maith agus go mbíonn ionadaíocht ag an Scoil ar Choistí na hOllscoile m.sh. RAP. Tá roinnt nasc neamhfhoirmiúil idirdhisciplíneach freisin idir Fiontar agus na haonaid eile laistigh de DCU. Molann an PRG go ndéanfaí institiúidiú ar chuid de na nasc sin. **(S)**
- P1** Ní mór soiléiriú a dhéanamh ar pholasaí DCU maidir leis an nGaeilge. Ní mór don Ollscoil ‘láithreach’ níos ‘Gaelaí’ a bheith aige ar an gcampas. Tá gá le hidirdhealú dearfach. Molann an PRG go mbeidh ionchur ag Fiontar sa phróiseas sin. Cur le feiceálacht na Gaeilge i DCU m.sh. cur leis an gcomharthaíocht i nGaeilge ar fud an champais. Fáilte a chur i bhfógraí post de chuid DCU roimh dhaoine a bhíonn líofa i nGaeilge. Féachaint chuige go mbaintear an leas is fearr as foireann den sórt sin le go bhféadfar seirbhísí i nGaeilge a sholáthar don fhoireann, do na mic léinn agus don phobal agus ar an mbealach sin cuidiú le DCU a chuid oibleagáidí reachtúla agus dlíthiúla a chomhlíonadh. **(D, S)**

## Eagrú agus Bainistíocht na Scoile

- P2** Suíomh Fiontar i nDámh na nDaonnachtaí. Ní mór cúram a ghlacadh lena chinntiú nach gcuireann aistriú Fiontar go dtí na Daonnachtaí isteach ar an gcaidreamh le Ríomhaireacht agus Gnó agus nach gcuireann sé isteach ar naisc bhreise a fhorbairt le Ríomhaireacht agus Gnó. (S, D)
- P2** An Grúpa comhairleach de dhaoine inmheánacha agus seachtracha a chur ar bun arís chun “bord comhairle” a dhéanamh mar thacaíocht agus mar fhorbairt ar Fiontar. (D)
- P2** Ráiteas misin a fhorbairt ag Fiontar agus ag an Dámh a thabharfaidh aitheantas do threo agus d’aetas. (S, D)
- P3** Uirlis do leithdháileadh an ualaigh oibre a fhorbairt. (D)
- P2** Molann PRG go bhforbródh Fiontar tráthchlár de chruinnithe le seirbhísí tacaíochta laistigh den Ollscoil chun comhoibriú a fhorbairt, b’fhéidir duine “naisc” ó Fiontar a ainmniú do gach seirbhís.

## Cláir agus Teagasc

- P1** Athbhreithniú ar straitéis margaíochta Fiontar. Moltar leas níos mó a bhaint as oifig margaíochta na hOllscoile agus an dea-thoil ar fud na hOllscoile. Theastódh rochtain a leathnú m.sh. mic léinn aibí, rochtain etc. Cláir fhorghníomhacha dírithe ar na grúpaí sin. Ba chóir breathnú ar mhodhanna nua margaíochta m.sh. teagmháil trí ghréasáin Ghaeilge etc. Féachaint ar chóir modúil ‘aonair’ a thairiscint d’fhorbairt ghairmiúil ag leibhéal fochéime agus leibhéal iarchéime. (S, D)
- P1** Gá le straitéis margaíochta agus tacaíocht ó Oifigí na hOllscoile. (O)
- P1** Dhá fhorbairt faoi láthair a thugann deiseanna sonracha do Fiontar ná nádúr athraitheach tionscail laistigh den Ghaeltacht agus an tAcht nua a cheanglaíonn ar gach roinn agus gníomhaireacht rialtais seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil. Tá Fiontar i riocht maith le buntáiste a bhaint as sin ó thaobh cláir a sholáthar, b’fhéidir modúil ‘aonair’ a thairiscint. (S)
- P2** Molann an PRG gur chóir go ndéanfadh Fiontar monatóireacht ar an mbaol go ndéanfaí lagú ar ghné an ghnó sa chúrsa céime ós rud é go ndearna an ghné sin na céimithe i bhfad níos tarraingtí don phobal fostaíochta. (S)
- P2** Oibriú ar phlean margaíochta, i.e. pórtfóilió leictreonach a fhorbairt. (S, D, U)
- P2** Tá sé riachtanach leanúint d’iniúchadh a dhéanamh ar sheachadadh malartach clár. (S)



## Léann agus Taighde

- P1** Tá riachtanas mór le straitéis taighde éifeachtach as a leanfaidh sruth foilseachán in irisí acadúla measúla. (S)
- P1** Molann an PRG go ndíreofaí go mór ar shainmhíniú a dhéanamh ar thionscadal/clár mór nó ar dhá thionscadal/chlár mhóra a mhaoineofaí ó fhoinsí seachtracha agus as a leanfadh (a) tuarascáil nó tuarascálacha dírithe ar pholasaí don chliant agus (b) sruth de pháipéir acadúla bunaithe ar na sonraí céanna laistigh de na lárhdisciplíní éagsúla. (D, S)
- P3** Comhghairdeas le Fiontar as a chomhdháil le déanaí. Moltar go leanfadh Fiontar le tionscnaimh cheannródaíocha den sórt sin agus go dtacódh an Ollscoil le gníomhaíochtaí den sórt sin. (S)

## Foireann, Cóiríocht agus Acmhainní

- P1** Údar imní an coibhneas íseal ó thaobh foireann bhuan leis an bhfoireann shealadach rud a d'fhéadfadh bac a chur ar fhorbairt Fiontar. Molann an PRG léachtóir buan eile a cheapadh go **práinneach** ag an leibhéal sinsearach. Molann sé freisin go leagfadh Fiontar plean cúig bliana amach ina mbeadh 50% den foireann le stádas buan ag deireadh na tréimhse sin. D'fháiltigh PRG roimh thiomantas an Uachtaráin do Fiontar agus feiceann deis le brí a thabhairt don tacaíocht sin trí tuilleadh foirne a cheapadh go buan. (O)
- P1** Gá leis an líon foirne le PhD a ardú. Admhaíonn an PRG go bhfuil roinnt tacaíochta ann dó sin faoi láthair sa chleachtas maidir le hualach oibre a dháileadh. Molaimid áfach roinnt breise acmhainní ón Dámh i bhfoirm maoiniú, saoire shabóideach ghearr etc. (D)
- P3** Gá le “meantóireacht” a fhorbairt don foireann atá ag tosú ag teagasc. (S)
- P1** Rialacháin chun deis a thabhairt d'fhoireann ar conradh rochtain a bheith acu ar dheontais mhaoinithe taighde. De bharr an mheascáin scileanna atá ann faoi láthair dealraíonn sé go bhfuil cosc ar roinnt den foireann i Fiontar iarratas a dhéanamh ar scéimeanna maoinithe éagsúla laistigh den Ollscoil. Tá gá leis sin a athbhreithniú agus cás speisialta a dhéanamh. (U)
- P1** Mar gheall ar an meascán reatha scileanna ní mór do Fiontar sraith pleananna aonair a dhéanamh chun tacú leis an bhfoireann staidéir PhD a thabhairt chun críche. (S)
- P3** Gá le tuilleadh tacaíochta ón Ollscoil d'fhoireann Fiontar, m.sh. treoshuíomh do dhaoine nua ar an bhfoireann. (O)
- P1** Aitheantas don dualgas uathúil atá ar foireann Fiontar ábhar teagaisc a fhorbairt do chúrsaí agus tacaíocht chuí a sholáthar do na hiarrachtaí sin. (S, D, O)

## **Seirbhísí Sóisialta agus Pobail**

- P1** Molann PRG go leathnófaí an rochtain ar chlár Fiontar m.sh. mic léinn aibí nó an “Clár Rochtana”.
- P1** Molann an PRG an méid a chuireann Fiontar go leanúnach le forbairt an oideachais faoi mar a léiríodh i bhforbairt ábhar teagaisc m.sh. an foclóir téarmaíochta agus an chomhdháil ag tús 2003.